Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**14869/23**

**FIN 1109**
**COMPET 1060**
**IND 578**
**MI 923**
**CLIMA 522**
**COH 76**
**ENER 588**
**ENT 231**
**ENV 1213**
**RC 40**
**RECH 479**
**TRANS 464**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14515/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: 'Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí: Spreagadh straitéiseach nua ag teastáil'<br>*- Formheas* |

1. An 19 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 dar teideal: 'Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí: Spreagadh straitéiseach nua ag teastáil'.

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí[1], d'ordaigh Coiste na mBuanionadaithe, ag an gcruinniú a bhí aige an 5 Iúil 2023, go ndéanfadh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) scrúdú ar an tuarascáil speisialta sin de réir na rialacha a leagtar síos sna conclúidí thuasluaite[2].

[1] 7515/00 + COR 1.
[2] 11064/23.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ag an gcruinniú a bhí aici an 10 Iúil 2023.

4. An 7 Meán Fómhair 2023, thíolaic an Uachtaránacht togra le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[3]. Phléigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) na dréachtchonclúidí ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Meán Fómhair 2023.

5. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an gcruinniú den Mheitheal an 14 Meán Fómhair 2023 agus ar bharúlacha a fuarthas i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht togra athbhreithnithe le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[4]. Phléigh an Mheitheal um Iomaíochas agus Fás (Tionsclaíocht) na dréachtchonclúidí athbhreithnithe ag an gcruinniú a bhí aici an 9 Deireadh Fómhair 2023.

6. Ar bhonn an phlé a rinneadh ag an gcruinniú den Mheitheal an 9 Deireadh Fómhair 2023 agus ar bharúlacha breise a fuarthas i scríbhinn, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an dara togra athbhreithnithe le haghaidh dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa[5]. D'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí aon bharúlacha a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an bhfoclaíocht athbhreithnithe sin a chur ar fáil faoin 27 Deireadh Fómhair 2023.

7. Agus iarraidh ar mhionathrú a fuarthas ó thoscaireacht amháin á cur san áireamh, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an tríú dréacht athbhreithnithe de chonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, mar a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo iad. Léirítear an t-aon athrú a rinneadh i gcomparáid le 14515/23 (focal amháin le scriosadh) leis an tsiombail [...]. Ní dhearna na toscaireachtaí aon agóidí eile i gcoinne an téacs a mhol an Uachtaránacht in 14515/23.

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle maidir le téacs na ndréachtchonclúidí mar a leagtar amach san IARSCRÍBHINN é a dhearbhú;

– na conclúidí sin a mholadh don Chomhairle lena bhformheas mar mhír 'A'.

---

[3] 12707/23.
[4] 13661/23.
[5] 14515/23.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**

**‘Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí: Spreagadh straitéiseach nua ag teastáil’**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

1. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: ‘Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí: Spreagadh straitéiseach nua ag teastáil’ agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na barúlacha ón gCúirt;

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR ar a thábhachtaí atá sé ceallraí a fhorbairt agus a tháirgeadh mar riachtanas straitéiseach don Aontas, lena gcumasófar an t-aistriú chuig fuinneamh glan agus lena dtacófar le hiomaíochas na n-earnálacha tionsclaíocha ábhartha, go háirithe earnáil na mótarfheithiclí, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go meastar go dtiocfaidh méadú tapa ar tháirgeadh ceallraí san Aontas go dtí 2030;

3. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá na cuspóirí beartais agus na huirlisí idirghabhála a leagtar amach i bPlean 2018 an Choimisiún um Ghníomhaíocht Straitéiseach maidir le Ceallraí mar chreat ábhartha chun beartas tionsclaíoch Eorpach maidir le ceallraí a fhorbairt agus mar phríomhionstraim chun tacú le slabhra luacha ceallraí an Aontais, lena n-áirítear lucht saothair ardoilte;

4. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSIMH DI na barúlacha ón gCúirt gur chuir an Coimisiún na gníomhaíochtaí is suntasaí dá phlean gníomhaíochta chun feidhme den chuid is mó, go dtacaíonn páirtithe leasmhara Eorpacha le straitéis an Choimisiúin maidir le ceallraí agus go bhfuil sí ailínithe le straitéisí na mBallstát, agus gur chuir an Coimisiún príomhionstraimí i bhfeidhm chun tacú le hearnáil na gceallraí, mar shampla cruthú na n-ardán páirtithe leasmhara lena gcuimsítear an slabhra luacha iomlán, togra reachtach le haghaidh rialachán nua maidir le ceallraí lena leathnaítear go suntasach raon feidhme an chreata reachtaigh a bhí ann roimhe sin, agus tacaíocht mhéadaithe airgeadais phoiblí do thionscadail taighde, nuálaíochta agus monaraíochta; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin go soláthraítear státchabhair trí dhá thionscadal thábhachtacha ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne (IPCEInna);

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS GUR CÚIS IMNÍ DI, áfach, an riosca suntasach a shainaithin an Chúirt nach mbainfear amach sprioc an Choimisiúin maidir le hastaíocht nialasach le haghaidh 2035 toisc nach leor an táirgeadh ceallraí, nó go bhféadfaí é a bhaint amach ar bhonn ceallraí arna n-allmhairiú nó feithiclí leictreacha, rud a bheadh díobhálach do shlabhra luacha ceallraí an Aontais agus do na poist ghaolmhara; MEASANN SÍ go bhféadfadh sé sin an leibhéal ard spleáchais atá ann cheana ar allmhairí ar leith ó thíortha is soláthróirí áirithe a mhéadú agus, dá bhrí sin, rioscaí soláthair a mhéadú a thuilleadh, agus dearbhaíonn sí GURB OTH LÉI an laghdú a chonacthas le déanaí[6] ar infheistíochtaí príobháideacha sa slabhra luacha ceallraí san Eoraip;

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil slabhra luacha ceallraí an Aontais fós ag brath go mór mór ar sholáthairtí ó lasmuigh den Aontas agus, ó 2030 ar aghaidh, go bhféadfadh sé go mbeidh ar mhonaróirí an Aontais aghaidh a thabhairt ar ghanntanas amhábhar tábhachtach le haghaidh ceallraí mar gheall ar na héifeachtaí comhcheangailte a bhainfeadh le méadú ar an éileamh domhanda, ag eascairt as leictriú an iompair de bhóthar den chuid is mó, agus ag na teorainneacha a bhaineann le soláthar intíre amhábhar de chuid an Aontais, soláthar atá gann agus dolúbtha araon; AITHNÍONN SÍ iarrachtaí athnuaite an Choimisiúin aghaidh a thabhairt ar an staid sin trína thograí a eisiúint le haghaidh Gníomh um Amhábhair Chriticiúla agus Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an bharúil ón gCúirt nach bhfuil comhordú a dhóthain á dhéanamh ar chistiú poiblí do bheartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí, go bhfuil an cistiú sin spleách ar an suíomh, agus in ainneoin na sruthanna cistiúcháin iomadúla a thacaíonn le tionscadail nua i dtaighde agus monaraíocht ceallraí arb ionann iad agus EUR 1.7 billiún ar a laghad ó bhuiséad an Aontais le linn na tréimhse 2014-2020 agus státchabhair suas le EUR 6 bhilliún idir 2019 agus 2021, arna bhformheas *inter alia* faoi IPCEInna, go bhfuil na torthaí go mór ar gcúl ón uaillmhian;

8. Dearbhaíonn sí GUR DÍOL SÁSAIMH DI conclúid fhoriomlán na Cúirte mar sin féin gur rinne an Coimisiún beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le ceallraí a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach, in ainneoin na n-easnamh a sainaithníodh san fhaireachán ar shonraí ábhartha, maidir le cistiú an Aontais a chomhordú agus a spriocdhíriú, chomh maith leis an gcaoi a bhfuil rochtain ar amhábhair fós ina mórdhúshlán straitéiseach do shlabhra luacha ceallraí an Aontais;

8a. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá sé, sa bhreis ar na moltaí ón gCúirt, lucht saothair [...] ardoilte a fhorbairt agus a neartú i ngach cuid den slabhra luacha;

---

6 Páipéar plé ó Chomhghuaillíocht Ceallraí an Aontais don 7ú Cruinniú Ardleibhéil de Chomhghuaillíocht Ceallraí an Aontais, an 1 Márta 2023, lch. 3.

9. TACAÍONN SÍ leis na moltaí ón gCúirt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a straitéis maidir le slabhra luacha ceallraí Eorpach atá inbhuanaithe agus iomaíoch a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ionchais réalaíocha chun éabhlóid dhomhanda na hearnála ceallraí ó 2018 i leith a léiriú chomh maith leis na dúshláin straitéiseacha atá ann faoi láthair, go háirithe an rochtain ar amhábhair agus ar ardábhair;

- spriocanna cainníochtaithe agus spriocanna faoi cheangal ama a chur san áireamh le haghaidh an dá sprioc maidir le haeráidneodracht agus earnáil mótarfheithiclí iomaíoch san Aontas a bhaint amach, agus comhsheasmhacht na spriocanna maidir le táirgeadh intíre ceallraí a áirithiú le soláthar na n-amhábhar agus na n-ardábhar is gá chun an táirgeadh sin a chothú;

- an faireachán a dhéanann sé ar an slabhra luacha ceallraí a neartú trína bhunú ar shonraí atá infhíoraithe go tráthúil agus go neamhspleách, agus ar an gcaoi sin, is féidir rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn iarbhír i dtreo chuspóirí an Aontais agus rabhadh a thabhairt i gcoinne rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun iad a bhaint amach, agus a áirithiú go gcumhdófar leis an bhfaireachán sin céimeanna criticiúla an tslabhra luacha, lena n-áirítear táirgeadh intíre na bpríomh-amhábhair agus na bpríomh-ardábhair is gá chun na glúnta ceallraí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a sholáthar;

- forléargas comhdhlúite a thógáil agus a choinneáil ar fhoinsí cistiúcháin an Aontais agus, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ar fáil, ar fhoinsí cistiúcháin náisiúnta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do thionscadail sa slabhra luacha ceallraí;

- feabhas a chur ar chomhordú agus ar spriocdhíriú thacaíocht airgeadais an Aontais don slabhra luacha ceallraí, agus an cistiú náisiúnta a cuireadh ar fáil don tionscal sin cheana féin á chur san áireamh;

- an cothrom iomaíochta a neartú do na rannpháirtithe go léir in IPCEI maidir le ceallraí ó thaobh rochtain ar chistiú poiblí agus tacaíocht airgeadais de, ionas gur féidir an comhoibriú atá beartaithe ag IPCEI a chur chun feidhme mar a sceidealaítear agus ionas go mbeidh éifeachtaí iarmhartacha ann chun na tairbhí a scaipeadh ar fud na mBallstát agus cuideachtaí idir bheag agus mhór;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuarascáil speisialta Uimh. 15/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus na moltaí ón gCúirt a chur san áireamh ina chuid beartas, agus an plean um ghníomhaíocht straitéiseach maidir le ceallraí a thabhairt cothrom le dáta, agus béim ar leith á leagan ar rochtain ar amhábhair a áirithiú.